

## DO CHEART CHUN SAORGHLUAISEACHTA SAN AE

Ó 1968 i leith, tá sé de cheart ag gach oibrí AE oibriú i mBallstát eile gan leithcheal a bheith déanta air nó uirthi ar fhoras a náisiúntachta.

Mar shampla:

- ➔ féadfaidh tú oibriú i mBallstát eile, cónaí ann chun na críche sin agus fanacht ann nuair a rachaidh tú ar scoir;
- ➔ féadfaidh tú post a lorg i mBallstát eile agus cúnamh ina leith sin a fháil ó na hoifigí áitiúla fostaíochta;
- ➔ tá tú i dteideal na gcoinníollacha fostaíochta agus oibre céanna agus atá náisiúnaigh an Bhallstáit a bhfuil tú ag obair ann;
- ➔ tá na buntáistí sóisialta agus cánach céanna agatsa agus ag do theaghlach agus atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit a bhfuil tú ag obair ann, mar shampla, i ndáil le deontais mhac léinn;
- ➔ d'fhéadfadh socruithe idirthréimhseacha a bheith i bhfeidhm d'oibrithe agus do theaghlaigh oibrithe a thagann ó Bhallstáit nua.

LE HAGHAIDH TUILLEADH FAISNÉISE:

**http://ec.europa.eu/free-movement-of-workers**

**http://ec.europa.eu/social-security-coordination**

An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte
**http://ehic.europa.eu**

Europe Direct -palvelu
**http://ec.europa.eu/europedirect**

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE.
© Na Comhphobail Eorpacha, 2009
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil
*Printed in Belgium*
A CHLÓBHUAIL AR BÁN GAN CHLÓIRÍN

Oifig Foilseacháin
*Publications.europa.eu*

KE-78-09-675-GA-D

# AG GLUAISEACHT LAISTIGH DEN AONTAS EORPACH, DEN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH AGUS DEN EILVÉIS?

## FAIGH AMACH FAOI DO CHUID CEART! ➔



An Coimisiún Eorpach



## AN BHFUIL CEISTEANNA AGAT FAOI GHLUAISEACHT LAISTIGH DEN AE, DEN LEE AGUS DEN EILVÉIS?

Nuair a ghluaiseann tú laistigh den AE féadfaidh ceisteanna a bheith agat, mar shampla:

- ➔ Cén Ballstát a bhailíonn mo ranníocaíochtaí slándála sóisialta?
- ➔ Cad a tharlóidh do mo phinsean seanaoise i gcás gur oibrigh mé i níos mó ná Ballstát amháin?
- ➔ An féidir liom m'árachas sláinte a úsáid fad agus atáim ag taisteal thar lear?
- ➔ Is fostaí mé. An bhfuil sé de cheart agam na tairbhí céanna a fháil agus a fhaigheann náisiúnaigh an Bhallstáit seo? An féidir le mo leanaí leas a bhaint as na deontais mhac léinn chéanna agus a fhaigheann leanaí an Bhallstáit seo?
- ➔ An féidir liom dul chuig Ballstát eile chun post a chuardach?

## DO THAIRBHÍ SLÁNDÁLA SÓISIAL-TA A CHINNTIÚ



Feidhmíonn gach Ballstát a scéimeanna náisiúnta slándála sóisialta agus cúraim sláinte féin, ach leagann Rialacháin AE síos rialacha chun na scéimeanna éagsúla a chomhordú. Cinntíonn sin nach mbíonn daoine a ghluaiseann idir Ballstáit faoi mhíbhuntáiste i ndáil le slándáil shóisialta agus cúram sláinte.

Mar shampla, mar shaoránach den AE:

- ➔ ní íocann tú ranníocaíochtaí árachais shóisialta ach i mBallstát amháin ag aon tráth ar leith;
- ➔ i gcás gur oibrigh tú i níos mó ná Ballstát amháin (ar feadh bliana ar a laghad), nuair atá do phinsean seanaoise á ríomh caithfidh gach Ballstát do shaol oibre iomlán a chur san áireamh agus pinsean seanaoise a íoc leat a fhreagraíonn do do thaifead árachais sa tír sin;
- ➔ ar choinníoll go mbíonn tú faoi árachas sa bhaile, leis an EHIC (Cárta Eorpach um Árachas Sláinte) tá aon chúram sláinte atá de dhíth ort clúdaithe fad agus atá tú ag taisteal in aon cheann de na 31 tír Eorpach;
- ➔ má théann tú chuig Ballstát eile chun obair a chuardach, caithfidh an stát is déanaí a raibh tú fostaithe ann do shochar dífhostaíochta a íoc leat sa stát eile ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad.



## SLÁNDÁIL SHÓISIALTA ATÁ COMHORDAITHE AR BHEALACH NÍOS FEARR CHUN CABHRÚ LEAT

Go luath in 2010, tiocfaidh sraith nua de rialacha comhordúcháin i bhfeidhm chun do chearta slándála sóisialta agus cúraim sláinte a chinntiú nuair atá tú ag gluaiseacht laistigh den AE, den LEE agus den Eilvéis.

Ní thiocfaidh aon athrú ar phrionsabail bhunúsacha an chomhordúcháin, ach déanfaidh na rialacha nua an méid seo a leanas:

- ➔ leathnóidh siad raon na gceart a chlúdóidh an córas comhordúcháin;
- ➔ cuirfidh siad dualgas nua ar institiúidí náisiúnta slándála sóisialta maidir le saoránaigh a chur ar an eolas agus cabhrú leo i ndáil lena gcearta faoin gcóras comhordúcháin nua; agus
- ➔ cuirfidh siad feabhas ar chomhordú mar cuirfidh malartú leictreonach faisnéise idir Ballstáit cinntí agus íocaíochtaí níos cothroime, níos éifeachtaí ar fáil duit.